



An Bhruiséil, 5 Nollaig 2019
(OR. en)

14862/19

FISC 484
ECOFIN 1117
UD 319

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	5 Nollaig 2019
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14045/19 + COR 1
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "R-thráchtáil: tá go leor de na dúshláin a bhaineann le CBL agus dleachtanna custaim a bhailiú fós le réiteach" – Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "R-thráchtáil: tá go leor de na dúshláin a bhaineann le CBL agus dleachtanna custaim a bhailiú fós le réiteach", arna ghlacadh ag an gComhairle ag an 3736ú a bhí aici ar an 5 Nollaig 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2019 ó Chúirt Iniúchóirí
na hEorpa**

**"R-thráchtáil: tá go leor de na dúshláin a bhaineann le CBL agus dleachtanna custaim
a bhailiú fós le réiteach"**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

- (1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt" anseo feasta) dar teideal "R-thráchtáil: tá go leor de na dúshláin a bhaineann le CBL agus dleachtanna custaim a bhailiú fós le réiteach"; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí a leagtar amach inti;
- (2) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dtugtar deiseanna do gheilleagair na mBallstát agus don Aontas ina iomláine mar gheall ar an tírdhreach ríomhthráchtála atá ag forbairt go tapa agus ar an bhfás dinimiciúil ar ríomhthráchtáil trasteorann earraí agus seirbhísí, laistigh den Aontas agus ar fud an domhain araon;
- (3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE, áfach, go bhfuil dúshláin ag baint leis an bhfás sin freisin do chreataí rialála, rialaithe agus forfheidhmithe toisc gur cheart go mbeadh na Ballstáit in ann CBL agus dleachtanna custaim a rialú agus a bhailiú in ainneoin go bhfuil na soláthróirí lonnaithe i gcéin;
- (4) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016 i ndáil le Plean Gníomhaíochta 2016 ón gCoimisiún maidir le CBL¹, inar chuir an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá comhar riaracháin agus malartú faisnéise idir údaráis chánach chun calaois CBL a chomhrac;

¹ 9494/16.

- (5) MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle an 16 Aibreán 2018 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2017 ón gCúirt Iniúchóirí maidir le Nósanna Imeachta Allmhairiúcháin: Tionchair ar Leasanna Airgeadais an Aontais mar thoradh ar Easnamh sa Chreat Dlíthiúil agus Cur Chun Feidhme Neamhéifeachtach², i gcás inar thug an Chomhairle dá haire Moladh 9, a bhain, i measc nithe eile, le seiceálacha a thabhairt isteach ar chórais scaoilte leictreonacha chustaim chun cosc a chur ar ghlacadh le dearbhuithe míchearta allmhairiúcháin, agus chuir sí i dtreis an obair leanúnach atá á déanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit maidir le coinsíneachtaí ar luach íseal agus ríomhthráchtáil;
- (6) CUIREANN SÍ I dTREIS, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé go mbeadh creat rialála an Aontais ann a bheadh éifeachtach agus comhleanúnach, go háirithe an Treoir maidir le CBL agus Cód Custaim an Aontais, chun a áirithiú go mbaileofaí CBL agus dleachtanna custaim do bhuiséid na mBallstát agus an Aontais;
- (7) MEABHRAÍTEAR DI gur ghlac an Chomhairle roinnt gníomhartha reachtacha le déanaí lena dtugtar aghaidh cheana, den chuid is mó, ar na hábhair inní atá ag an gCúirt maidir le feabhas a chur ar na socruithe reatha chun CBL agus dleachtanna custaim ar ríomhthráchtáil a bhailiú; MEABHRAÍTEAR DI go háirithe gur glacadh an Treoir um ríomhthráchtáil CBL le déanaí agus na leasuithe ar an Rialachán maidir le comhar riaracháin;
- (8) MEABHRAÍTEAR DI freisin gur ghlac an Chomhairle an pacáiste cur chun feidhme ríomhthráchtála CBL lena leagtar síos na rialacha is gá chun feidhmiú rialacha CBL don ríomhthráchtáil a áirithiú;
- (9) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an chaibidlíocht leanúnach sa Chomhairle i ndáil leis na tograí reachtacha maidir le sonraí íocaíochta is ábhartha do CBL a tharchur agus a mhalartú ar bhonn éigeantach; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS cuspóir na dtograí sin feabhas a chur ar éifeachtacht an rialaithe a dhéantar ar bhailiú CBL i dtaca leis an ríomhthráchtáil trí cheadú do na Ballstáit neamhchomhlíonadh agus calaois CBL a bhrath go tapa;

² 7474/18.

- (10) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart éifeachtacht an chreata rialála, comhar riaracháin agus rialú ríomhthráchtála trasteorann a mheas ar bhealach níos tráthúla tar éis na hathchóirithe sin a chur chun feidhme; agus
- (11) MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé gur cheart, le haon obair a dhéanfar amach anseo, leanúint de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a chur san áireamh, go háirithe prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, agus lánurraim a thabhairt d'inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach;
- (12) TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ráiteas ón gCúirt nach mór fós aghaidh a thabhairt ar ghearrluacháil in ainneoin gur glacadh an t-athchóiriú ríomhthráchtála; ach TÁ SÍ AG SÚIL, de thoradh deireadh a chur leis an díolúine ó CBL ar choinsíneachtaí beaga agus a bhuí leis an rialú ar bhonn sonraí malartaithe íocaíochta atá beartaithe amach anseo, go mbeidh sé sin an-úsáideach chun dul i ngleic leis an bhfadhb;
- (13) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt maidir le héifeachtacht an chreata rialála; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, féachaint go grinn an bhféadfaí córais oiriúnacha atá bunaithe ar an teicneolaíocht a úsáid chun dul i ngleic le calaois CBL i ndáil le ríomhthráchtáil mar a mhol an Chúirt agus cost-éifeachtúlacht á cur san áireamh ag an am céanna d'údaráis chánach agus d'fhiontair araon;
- (14) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt chun úsáid an chomhair riaracháin a neartú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an fhaisnéis is ábhartha don ríomhthráchtáil a mhalartú agus úsáid iomlán agus thráthúil a bhaint as na socruithe laistigh den Aontas maidir le comhar riaracháin dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais agus na socruithe maidir le malartú faisnéise le tríú tíortha dá bhforáiltear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta; DEARBHAÍONN SÍ freisin a thábhachtaí atá sé aiseolas tráthúil a thabhairt maidir leis na comharthaí calaoise a bhaineann leis an ríomhthráchtáil a fhaightear ó na húdaráis náisiúnta chánach agus custaim eile in Eurofisc;

- (15) AITHNÍONN SÍ gur céim thábhachtach é an Comhaontú idir an tAontas agus an Iorua maidir le comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh a ghnóthú i réimse CBL i ndáil le faisnéis a mhalartú le tríú tíortha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar na deiseanna le haghaidh comhaontuithe nua maidir le socruithe cúnaimh fhrithpháirtigh i ndáil le CBL agus gnóthú éileamh le tríú tíortha;
- (16) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhearta iomchuí chun feabhas a chur ar fheidhmiú na gcomhaontuithe um chúnamh frithpháirteach riaracháin in ábhair chustaim agus chánach, d'fhonn a n-acmhainneacht iomlán thráthuile a bhaint amach, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar mhodhanna nuálacha don chomhar idirnáisiúnta agus don chúnamh frithpháirteach riaracháin in ábhair a bhaineann le haontas custaim, lena n-áirítear uathmhalartú feabhsaithe faisnéise, de réir mar is gá agus le rialachas agus coimircí iomchuí, atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le ríomhthrachtáil chun ioncam custaim a bhailiú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go leanfaidh na Ballstáit den fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil don Choimisiún;
- (17) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé rialuithe éifeachtacha a áirithiú maidir le ríomhthrachtáil trasteorann, go háirithe maidir le gnólachtaí a bhfuil an Mion-Ionad Ilfhreastail reatha á chur i bhfeidhm acu le haghaidh seirbhísí a sholáthraítear go leictreonach agus seirbhísí teileachumarsáide agus na socruithe a bheidh ann amach anseo maidir le hIonad Ilfhreastail le haghaidh ciandíolachán earraí agus seirbhísí do thomhaltóirí, agus i ndáil le faoiseamh custaim do choinsíneachtaí íseal-luacha a chomhlíonadh, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar na hoibreoirí eacnamaíocha údairithe; TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt don Choimisiún agus do na Ballstáit chun éifeachtacht rialuithe den sórt sin a mhéadú; MOLANN SÍ do na Ballstáit tacú leis an gCoimisiún agus measúnú á dhéanamh acu ar a bpróisis faireacháin Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe (AEO);

- (18) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na ndóigheanna ina ndéantar CBL agus dleachtanna custaim a bhailiú; MOLANN SÍ do na Ballstáit úsáid níos forleithne a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as na hionstraimí atá ann cheana maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le dleachtanna cánach agus custaim a ghnóthú i réimse na ríomhthrachtála freisin; MOLANN SÍ do na Ballstáit na moltaí maidir le meastacháin a dhéanamh ar an mbearna CBL ar ríomhthrachtáil ó thaobh na comhlíontachta de a chur san áireamh freisin, agus aird ar leith á tabhairt ar chalaois CBL i gcás inar féidir; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cuidiú le modheolaíocht a fhorbairt do mheastacháin den sórt sin, go háirithe maidir le calaois CBL;
- (19) IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún beagnach gach ceann de na moltaí ón gCúirt Iniúcháirí agus go bhfuil sé tiomanta iad a chur chun feidhme.
-